leavingcertirish.com

## Rang Beo 21: 05/05/2020

## Díospóireacht & Óráid

Subscribe youtube.com/leavingcertirishcom

instagram.com/leavingcertirishh1

## Ceist Scrúdaithe (2019)

| C | – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tugann daoine óga in Éirinn aire mhaith dá sláinte.*

(b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

*Nós na léitheoireachta i saol an lae inniu.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

© Leavingcertirish.com

## Ceist Scrúdaithe (2018)

| C | – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tá an iomarca tionchair ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga.*

(b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

*An ról tábhachtach atá ag Uachtarán na hÉireann.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

© Leavingcertirish.com

## Ceist Scrúdaithe (2017)

| C | – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Déanfaidh Breatimeacht (Brexit) maitheas do thír na hÉireann.*

(b) Déantar plé go minic sna meáin ar chúrsaí tithíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann. Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo:

*Fadhb na tithíochta in Éirinn sa lá atá inniu ann.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

© Leavingcertirish.com

## Ceist Scrúdaithe (2016)

© Leavingcertirish.com

| C | – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Bíonn saol breá ag na daoine aosta in Éirinn.*

(b) Tá tú i do Theachta Dála nua. Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo:

*Na pleananna atá agam do mo théarma sa Dáil nua.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

## Ceist Scrúdaithe (2014)

© Leavingcertirish.com

| C | – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tá feabhas le feiceáil ar chúinsí eacnamaíochta na hÉireann faoi láthair.*

(b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh le grúpa ón nGearmáin, atá ar cuairt ar do scoil, ar an ábhar:

*An tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an gcultúr Gaelach.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.



## Ceist Scrúdaithe (2015)

© Leavingcertirish.com

| C | – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tá dul chun cinn iontach déanta ag mná na hÉireann le blianta beaga anuas.*

(b) Tá scrúdú na hArdteistiméireachta díreach críochnaithe agat. Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo:

*Tá córas oideachais an-mhaith againn in Éirinn.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

## An Oscailt

© Leavingcertirish.com

A chathaoirligh, a lucht an fhreasúra, a chairde, a chomhscoláirí, agus a mhúinteoirí,

ba mhaith liom a rá amach go giorraisc / go neamhbhalbh

go mbeidh mé féin agus mo chomhpháirtithe anseo ar fhoireann díospóireachta Choláiste Mhuire...

**An Rún**

© Leavingcertirish.com

ag labhairt

**i gcoinne / ar son**

an rúin

sheafóidigh / shuimiúil seo.

**Ciall an rúin**

© Leavingcertirish.com

Ciallaíonn an rún seo domsa

**go/nach bhfuil**

tábhacht ar leith ag baint

"leis an nGaeilge agus cultúr Gaelach na tíre seo"



**Ráiteas 1**

© Leavingcertirish.com

Roimh dheireadh na díospóireachta seo táim lánchinnte go n-aontóidh gach mac agus iníon máthar beo

**go / nach bhfuil**

"an Ghaeilge agus cultúr na tíre seo" níos tábhachtaí ná riamh.

**Ráiteas 2**

© Leavingcertirish.com

Beidh lucht an fhreasúra ag déanamh a seacht ndícheall ár gcuid pointí agus fianaise a bhréagnú.

Ach, a dhaoine uaisle, na héistigí agus ná creidigí iad!

## Nathanna 2

© Leavingcertirish.com

Déarfaidh lucht an fhreasúra go/nach bhfuil
Creid uaimse é!
Cé go bhfuil lucht an fhreasúra ag rá go/nach
Níl dabht ar bith faoi ach
Táimse den tuairim go/nach
Tá súil agam go n-aontaíonn sibh go léir liom
Cé go bhfuil lucht an fhreasúra ag maíomh go/nach
Féachaigí timpeall oraibh, a dhaoine uaisle
Ní fíor a bhfuil á rá ag lucht an fhreasúra
Seasaim lena bhfuil ráite agam
Tuigimid ar fad
Ba mhaith liom aghaidh a thabhairt ar argóintí an fhreasúra
Is ceist chigilteach í seo

## Críoch

© Leavingcertirish.com

A dhaoine uaisle, feicim an moltóir ag sméideadh orm.

Mar sin, is léir go bhfuil mo chuid ama istigh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh as ucht na héisteachta a thug sibh dom.

Tá súil agam go n-aontóidh sibh leis na hargóintí fiúntacha a chuir mé os bhur gcomhair (inniu/anocht)!



## Nathanna 1

© Leavingcertirish.com

Glan in aghaidh an rúin seo
Is rún seafóideach é seo, dar liom
A dhaoine uaisle, conas go bhféadfadh duine ar bith glacadh le ráiméis mar sin?
Éistigí liomsa ar feadh nóiméid agus inseoidh mé fíricí an scéil daoibh.
Ná déanaigí dearmad go/nach
Tá dlúthcheangal cruthaithe againn idir
Luaigh captaen na fóirne eile go/nach
Ní ghlacaim leis an léamh seo ar
Glacaigí uaimse é go/nach
A chairde, tá sé soiléir don dall go/nach
Ach, féach a chairde,
Samhlaigí ar feadh nóiméid ar
Gan aon amhras, a chairde,
Tá sé dochreidte, nach bhfuil?

Please recommend Leavingcertirish.com to your friends & family.

Subscribe

youtube.com/leavingcertirishcom

leavingcertirishh1

Get in touch

admin@leavingcertirish.com

(087) 3447312

Free Live Class on YouTube every Tuesday & Thursday @ 12 noon

www.leavingcertirish.com